



COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

Is cearta bunúsacha tábhachtacha iad cosaint sonraí pearsanta agus urraim don saol príobháideach. D'éiligh Parlaimint na hEorpa i gcónaí gur gá cothromaíocht a bhaint amach idir an tslándáil a fheabhsú agus cearta an duine, lena n-áirítear cosaint sonraí agus príobháideachas, a choimirciú. Tháinig rialacha nua AE um chosaint sonraí i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018, ar rialacha iad lena ndéantar cearta na saoránach a neartú agus lena ndéantar simpliú ar na rialacha le haghaidh cuideachtaí sa ré dhigiteach.

BUNÚS DLÍ

Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

Airteagal 7 agus Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

CUSPÓIRÍ

Maidir leis an gceart bunúsach chun cosaint sonraí, ar ceart é atá cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór don Aontas a áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach é. Ní mór seasamh AE maidir le cosaint sonraí pearsanta a neartú i gcomhthéacs bheartais uile AE, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí agus cosc ar an gcoireacht, agus sa chaidreamh idirnáisiúnta chomh maith, go háirithe i sochaí dhomhanda a bhfuil athruithe tobanna teicneolaíochta ina saintréith lárnach di.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Creat institiúideach

1. Conradh Liospóin

Sular tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, rinneadh reachtaíocht maidir le cosaint sonraí sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a roinnt idir an chéad cholún (cosaint sonraí chun críocha príobháideacha agus tráchtála, agus leas á bhaint as modh an Chomhphobail) agus an tríú colún (cosaint sonraí chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, ar leibhéal idir-rialtasach). Dá dheasca sin, cloíodh le rialacha éagsúla i bpróisis chinnteoireachta an dá réimse. Cuireadh deireadh le struchtúr na gcolún le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, lena soláthraítear bonn níos láidre chun córas cosanta sonraí níos soiléire agus níos éifeachtaí a fhorbairt, agus cumhachtaí nua á sainiú ag an am céanna don Pharlaimint, atá anois ina comhrechtóir. Foráiltear in Airteagal 16 CFAE go ndéanfaidh an Pharlaimint agus an Chomhairle rialacha a leagan síos a bhaineann le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta arna



déanamh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus ag na Ballstáit agus gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais á gcur i gcrích acu.

2. Na treoirlínte straitéiseacha sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais

Ag teacht sna sála ar Chlár Tampere agus Clár na Háige (Deireadh Fómhair 1999 agus Samhain 2004, faoi seach), i mí na Nollag 2009, d'fhormheas an Chomhairle Eorpach an clár ilbhliantúil maidir le limistéar saoirse, slándála agus ceartais don tréimhse 2010-2014, nó Clár Stóicólm mar a thugtar air. Sna conclúidí uathu i mí an Mheithimh 2014, rinne an Chomhairle Eorpach na treoirlínte straitéiseacha le haghaidh pleanáil reachtach agus oibríochtúil laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais sna blianta amach romhainn a shainiú de bhun Airteagal 68 CFAE. Ar cheann de na príomhchuspóirí a luadh iontu bhí cosaint níos fearr a thabhairt do shonraí pearsanta in AE.

B. Na príomhionstraimí reachtacha maidir le cosaint sonraí

1. Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

In Airteagal 7 agus Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, aithnítear an urraim don saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta mar chearta a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile ach ar cearta bunúsacha ar leith iad.

2. Comhairle na hEorpa

a. Coinbhinsiún 108 (1981)

Ba é Coinbhinsiún 108 Chomhairle na hEorpa an 28 Eanáir 1981 maidir le Cosaint Daoine Aonair i dtaca le Próiseáil Uathoibríoch Sonraí Pearsanta an chéad ionstraim idirnáisiúnta atá ina ceangal de réir dlí a glacadh i réimse na cosanta sonraí. Is é is cuspóir leis ná, maidir le gach duine aonair, go dtabharfaí 'urraim dá chearta agus dá shaoirsí bunúsacha, go háirithe a cheart chun príobháideachais, i dtaca le próiseáil uathoibríoch sonraí pearsanta ...'. Leis an bPrótocal lena leasaítear an Coinbhinsiún, féachtar le raon feidhme an Choinbhinsiúin a leathnú, leibhéal na cosanta sonraí a mhéadú agus a éifeachtacht a fheabhsú.

b. An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR)

Le hAirteagal 8 den Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint an 4 Samhain 1950, bunaítear an ceart go dtabharfaí urraim don saol príobháideach agus don saol teaghlaigh. 'Tá ag gach uile dhuine an ceart chun go mba slán dó a shaol príobháideach agus saol a theaghlaigh, a ionad cónaithe agus a chomhfhreagras.'

3. Ionstraimí reachtacha AE atá ann faoi láthair maidir le cosaint sonraí

a. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

I mí na Bealtaine 2018, tháinig Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm leis na rialacha sin saoránaigh AE uile a chosaint ar shárúithe príobháideachais agus sonraí sa saol seo atá bunaithe níos mó agus



níos mó ar shonraí, agus creat níos soiléire agus níos comhsheasmhaí a chruthú do ghnólachtaí ag an am céanna. Áirítear ar na cearta atá ag na saoránaigh toiliú soiléir agus deimhneach chun a gcuid sonraí a phróiseáil agus an ceart go bhfaighidís faisnéis shoiléir agus intuigthe fúthu; an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad: is féidir le saoránach a iarraidh go ndéanfaí a chuid nó a cuid sonraí a scríosadh; an ceart sonraí a aistriú chuig soláthraí seirbhíse eile (e.g. nuair atáthar ag aistriú ó líonra sóisialta amháin chuig ceann eile); agus an ceart a bheith ar an eolas má haiceáiltear sonraí. Tá feidhm ag na rialacha nua maidir le gach cuideachta atá ag feidhmiú in AE, fiú amháin má tá na cuideachtaí sin bunaithe lasmuigh de. De bhreis air sin, beifear in ann bearta ceartaitheacha a fhorchur, amhail rabhaidh agus orduithe, nó fíneálacha a ghearradh ar ghnólachtaí a sháraíonn na rialacha.

b. An Treoir maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí

I mí na Bealtaine 2018, tháinig Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis iniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle i bhfeidhm. Leis an treoir, tugtar cosaint do cheart bunúsach na saoránach chun cosaint sonraí aon uair a bhaineann údaráis fhorfheidhmiú an dlí feidhm astu. Áirithítear léi go dtugtar cosaint iomchuí do shonraí pearsanta íospartach, finnéithe, agus daoine atá in amhras coire agus éascaítear comhar trasteorann sa chomhrac in aghaidh na coireachta agus na sceimhlitheoireachta.

c. An Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach

Rinneadh modhnú ar [Threoir 2002/58/CE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach) le Treoir 2009/136/CE an 25 Samhain 2009.

Tá [togra nua le haghaidh rialachán](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le meas ar an saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach agus lena n-aisghairfí Treoir 2002/58/CE (an rialachán maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach) á mheas faoi láthair.

d. An Rialachán maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais

Tháinig [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE i bhfeidhm an 11 Nollaig 2018.



e. Airteagail maidir le cosaint sonraí i ngníomhartha reachtacha earnáilsonracha

Mar aon leis na príomhghníomhartha reachtacha maidir le cosaint sonraí dá dtagraítear thuas, leagtar síos freisin forálacha sonracha maidir le cosaint sonraí i ngníomhartha reachtacha earnáilsonracha, amhail:

- Airteagal 13 (maidir le cosaint sonraí pearsanta) de Threoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh;
- Caibidil VI (maidir le coimircí cosanta sonraí) de Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol);
- Caibidil VIII (maidir le cosaint sonraí) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE').

4. Príomhshocruithe idirnáisiúnta AE maidir le haistrithe sonraí

a. Aistrithe sonraí tráchtála: cinntí leordhóthanachta

Faoi Airteagal 45 de RGCS, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún a chinneadh an dtairgeann nó nach dtairgeann tír atá lasmuigh den Aontas Eorpach leibhéal leordhóthanach cosanta do shonraí, bíodh sé sin ar bhonn a reachtaíochta intíre nó ar bhonn na ngealltanais idirnáisiúnta atá tugtha aici.

Tá roinnt rún glactha ag an bParlaimint inar cuireadh in iúl ábhair inmí maidir le sreafaí sonraí trasatlantacha.

b. An Scáth-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá

Faoi nós imeachta an toilithe, bhí baint ag an bParlaimint le formheas an chomhaontaithe idir SAM agus AE maidir le cosaint faisnéise pearsanta a bhaineann le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, ar a dtugtar an 'Scáth-Chomhaontú' chomh maith. Is é an aidhm atá leis an gcomhaontú sin ná ardleibhéal cosanta a áirithiú do shonraí pearsanta a aistrítear faoi chuimsiú an chomhair thrasatlantaigh chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, eadhon sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe.

c. Comhaontuithe maidir le Taifead Ainmneacha Paisinéirí AE-SAM, AE-an Astráil agus AE-Ceanada

Tá comhaontuithe déthaobhacha maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) sínithe ag AE leis na Stáit Aontaithe, leis an Astráil agus le Ceanada. Áirítear le sonraí PNR faisnéis arna soláthar ag paisinéirí nuair a bhíonn eiltí á gcur in áirithe acu nó nuair a bhíonn siad ag clárú do na heiltí agus sonraí arna mbailiú ag aeriompróirí chun a gcríoch tráchtála féin. Féadfaidh údarais fhorfheidhmiú an dlí feidhm a bhaint as sonraí PNR chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.



d. Clár AE-SAM um Sceimhlitheoireacht agus a Maoiniú a Rianú (TFTP)

Tá comhaontú déthaobhach sínithe ag AE leis na Stáit Aontaithe maidir le sonraí teachtaireachtaí airgeadais a phróiseáil agus a aistriú ó AE chuig SAM chun críocha an chláir i ndáil le maoiniú sceimhlitheoireachta a rianú.

5. Ag tabhairt aghaidh ar ghnéithe cosanta sonraí i rúin earnáilsonracha

Le rúin éagsúla ón bParlaimint maidir le réimsí éagsúla beartais, tugtar aghaidh freisin ar chosaint sonraí pearsanta chun comhleanúnachas le dlí ginearálta AE maidir le cosaint sonraí a áirithiú agus chun príobháideachas sna hearnálacha sonracha sin a chosaint.

6. Údaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí AE

Is údarás maoirseachta neamhspleách é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), a áirithíonn go gcomhlíonann institiúidí agus comhlachtaí AE a n-oibleagáidí i dtaca le cosaint sonraí. Is iad maoirseacht, comhairliúchán agus comhar na príomhdhualgais atá ar MECS.

Is é an stádas atá ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí ná comhlacht AE ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach agus soláthraítear rúnaíocht neamhspleách dó. Tugann an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí le chéile údaráis mhaoirseachta náisiúnta AE, MECS agus an Coimisiún. Tá cumhachtaí leathana ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí chun díospóidí a shocrú idir údaráis mhaoirseachta náisiúnta agus chun comhairle agus treoir a thabhairt faoi phríomhchoincheapa RGCS agus faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá ról lárnach imeartha ag an bParlaimint i dtaca le reachtaíocht AE i réimse cosanta sonraí pearsanta a mhúnlú trí thosaíocht pholaitiúil a dhéanamh den chosaint a thugtar don príobháideachas. Ina theannta sin, faoin ngnáthnós imeachta reachtach, tá sí ag obair ar athchóiriú a dhéanamh ar chosaint sonraí ar comhchéim leis an gComhairle. Tá a cuid oibre tugtha i gcrích aici freisin maidir leis an gcuid shuntasach deireanach den dúcheist, an rialachán nua maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach, agus tá sí ag fanacht go tnúthánach leis an gComhairle a cuid oibre a thabhairt i gcrích chun tús a chur le caibidlíochtaí.

Tá dlúthmhaoirseacht á déanamh ag an bParlaimint ar shocruithe idirnáisiúnta maidir le haistrithe sonraí. Cibé acu trí nós imeachta an toilithe nó trí thuarascálacha féintionscnaimh, rinne sí cinnte de go gcloisfear a guth. Thairis sin, sular vótáil sí faoi Chomhaontú PNR AE agus Ceanada, rinne sí cinneadh, i rún an 25 Samhain 2014, tuairim a lorg ón gCúirt Bhreithiúnais, mar a fhoráiltear in Airteagal 218(1) CFAE. Sa tuairim a lean sin, a eisíodh an 6 Iúil 2017, chinn an Chúirt nárbh fhéidir comhaontú PNR a thabhairt i gcrích ina fhoirm reatha mar nach bhfuil roinnt dá fhorálacha ag luí leis an gceart bunúsach go gcosnófaí sonraí pearsanta.

Tar éis di a áirithiú gur cuireadh rialacha AE i dtaobh cosaint sonraí ar bun mar is ceart, is é is dóichí go ndíreoidh an Pharlaimint anois ar fhaireachán a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear an reachtaíocht chun feidhme.



Kristiina Milt
05/2019

